TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RICHARD DE LA TOUR
arna tabhairt an 5 Meán Fómhair 2024[1]

Cás C-526/23

VariusSystems digital solutions GmbH
v
GR Inhaberin B & G

(Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas – Dlínse speisialta in ábhar a bhaineann le conradh – Airteagal 7(1)(b) – Soláthar seirbhísí – Bogearraí arna bhforbairt agus arna n-úsáid i mBallstát atá oiriúnaithe do riachtanais aonair úsáideora atá ina chónaí i mBallstát eile – Ionad feidhmíochta)

I. Réamhrá

1. Tá sé suite go buan anois go mbíonn daoine gairmiúla agus daoine aonair araon ag baint úsáid as bogearraí[2] agus as an idirlíon. Rud eile atá an-choitianta sa chleachtas ná bogearraí arna n-oiriúint do shain-riachtanais ghairmiúla a fhorbairt mar sheirbhís. Tá neart i ngeall leis an réimse sin ó thaobh na heacnamaíochta de.

2. Is cúis iontais é, mar sin, nach raibh ar an gCúirt réamhrialú a éisteacht go dtí seo maidir leis an rogha dlínse idirnáisiúnta i gcás ábhar a bhaineann le conradh dá bhforáiltear in Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012,[3] i gcomhthéacs díospóidí idirnáisiúnta maidir le seirbhísí ríomhaireachta ar líne a sholáthar.

3. Feictear dom gur maith an míniú ar an méid sin gurb ann do chlásail chomhaontaithe ar dhlínse nó do chlásail maidir le rogha an dlí is infheidhme, i gcomhréir leis na cleachtais chonarthacha sa réimse sin.[4]

1 Bunteanga: an Fhraincis.

2 De réir an tsuímh gréasáin https://www.culture.fr/franceterme, atá ann le haghaidh téarmaí arna moladh ag an Commission d'enrichissement de la langue française (an Coimisiún um Shaibhriú na Fraincise) arna bhfoilsiú sa *Journal officiel de la République française* (Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince; 'JORF'), ciallaíonn an téarma 'bogearraí' 'tacar cláir, próiseais agus rialacha, agus b'fhéidir doiciméadachta, a bhaineann le hoibriú tacair próiseála sonraí'. Ar an suíomh sin sonraítear gurb ionann an téarma sin agus an focal Béarla 'software'. Féach aguisín le JORF Uimh. 220, an 22 Meán Fómhair 2000 (lch. 42063).

3 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

4 Féach, chuige sin, El Hage, Y., *Le droit international privé à l'épreuve de l'internet*, Bibliothèque de droit privé, tome 617, Librairie générale de droit et de jurisprudence, Paris, 2022, mír 123, an dara halt (lch. 102), chomh maith le míreanna 170 (lch. 138) agus 515 (lch. 427). Maidir le tionchar coibhneasta an chinnidh a bheidh le cur san áireamh, féach mír 614, an tríú halt (lch. 500).

4. Dá bhrí sin, in éagmais aon chomhaontú sa chás sna príomhimeachtaí, tugtar deis don Chúirt na critéir nasctha don chúirt inniúil a shoiléiriú agus an chontrárthacht a leanas a shárú: cén chaoi ba cheart an rogha maidir le dlínse idirnáisiúnta, atá bunaithe ar shuíomh sonrach a bheith ag an tsoláthar seirbhísí, a léiriú sa chás go soláthraítear ar an idirlíon iad? Is é sin le rá, cén chaoi ba cheart an critéar soiléir arna ghlacadh ag reachtóir an Aontais Eorpaigh a shainiú i gcomhthéacs doiléir?

5. Is fíor nach fadhb nua í seo don Chúirt, mar is léir óna cásdlí maidir le rogha dlínse in ábhair a bhaineann le tort nó le míghníomh. Mar sin féin, tá an cásdlí sin bunaithe ar chur chuige nach féidir a chur i bhfeidhm in ábhair a bhaineann le conradh. Dá bhrí sin, is éard atá mar ábhar don díospóireacht ar fad ná an rogha mhalartach phraiticiúil, arna moladh ag an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair), an chúirt a rinne an tarchur, eadhon: in éagmais forálacha conarthacha, cé acu ba cheart a úsáid: an suíomh ina ndearnadh na bogearraí a dhearadh, nó an suíomh ina n-úsáidtear iad?

6. Leagfaidh mé amach na cúiseanna, sa chomhthéacs áirithe seo a bhaineann le seirbhísí ríomhaireachta a sholáthar ar líonra oscailte amhail an t-idirlíon, go bhfuilim den tuairim gurb éard atá cuí mar chritéar ná an suíomh a sroichtear an tseirbhís ag an úsáideoir. [5]

II. An dlí lena mbaineann

7. Le haithrisí 15 agus 16 de Rialachán Uimh. 1215/2012, sonraítear mar a leanas:

‘(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuitear an dlínse. Ba cheart go mbeadh dlínse le fáil i gcónaí ar an bhforas sin cé is moite de dhornán cásanna arna sainiú go soiléir ina dtugann ábhar na díospóide nó neamhspleáchas na bpáirtithe údar le critéar éagsúil nasctha. [...]

(16) Sa bhreis ar shainchónaí an chosantóra, ba cheart forais mhalartacha dlínse a bheith ann ar bhonn dlúthnasc idir an chúirt agus an chaingean nó chun riaradh fónta an cheartais a éascú. Ba cheart go n-áiritheodh an dlúthnasc sin deimhneacht dhlíthiúil agus go seachnófaí leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an dlí a agairt ar chosantóir in imeachtaí os comhair cúirt de chuid Ballstáit nach bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. [...]’

8. Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin mar a leanas:

‘Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.’

[5] Ba mhaith liom a chur in iúl ag an tús go bhfuil an seasamh sin bunaithe den chuid is mó ar an mionanailís ar shaincheisteanna an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh, maidir le cibearchonarthaí, arna leagan amach ag El Hage, Y., op. cit., agus ar an léiriú a rinne sé ar ábharthacht an réitigh arna mholadh, le tacaíocht ó roinnt tagairtí acadúla nó cásdlí, i leaganacha teanga éagsúla. Féach, go háirithe, mír 616 (lgh. 500 go 502).

9. Le hAirteagal 7(1) den Rialachán sin, foráiltear mar a leanas:

‘Duine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát amháin, féadfar an dlí a agairt air i mBallstát eile:

(a) in ábhair a bhaineann le conradh, sna cúirteanna don áit ina gcomhlíontar an oibleagáid i dtrácht;

(b) chun críocha na forála seo, agus mura rud é go gcomhaontófar a mhalairt, is é a bheidh san áit ina gcomhlíontar an oibleagáid:

– i gcás earraí a dhíol, an áit i mBallstát ina ndearnadh, faoin gconradh, na hearraí a sheachadadh nó inar cheart iad a bheith seachadta,

– i gcás seirbhísí a sholáthar, an áit i mBallstát ina ndearnadh, faoin gconradh, na seirbhísí a sholáthar nó inar cheart iad a bheith soláthraithe;

(c) mura mbeidh feidhm ag pointe (b), ansin beidh feidhm ag pointe (a).’

III. Fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10. Tá VariusSystems digital solutions GmbH,[6] atá bunaithe i Vín (an Ostair), gníomhach in earnáil sheirbhísí TF. D’fhorbair sé bogearraí le haghaidh GR, úinéir an ghnóthais B & G, atá bunaithe sa Ghearmáin, lenar féidir anailís a dhéanamh ar thástálacha COVID-19, i gcomhréir le ceanglais reachtóir na Gearmáine, agus beartaithe lena n-úsáid in ionaid tástála na Gearmáine.[7] Ba é ábhar an chonartha forbairt[8] agus oibriú[9] na mbogearraí sa Ghearmáin. Níor thug na páirtithe sna príomhimeachtaí conradh i scríbhinn i gcrích agus níor ainmnigh siad cúirt a bheadh inniúil i gcás díospóide ná ionad feidhmíochta.

11. Éilíonn VariusSystems ar GR méid iomlán EUR 101 587.68 a íoc, móide ús, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 3 Meitheamh 2022, méid atá comhfhreagrach le sonrascadh gach tástála COVID-19 a rinneadh. Mar bhonn le dlínse chúirteanna na hOstaire, d’agair sé an dara fleasc d’Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, ar an bhforas, cé gur oiriúnaíodh agus gur forbraíodh na bogearraí go speisialta de réir riachtanais an ghnóthais ag GR féin lena n-úsáid sa Ghearmáin, gur i Vín a rinneadh an obair sin ar fad.

12. Is léir ó na doiciméid sa chomhad arna sheoladh ag an gcúirt a rinne an tarchur gur eascair an díospóid idir na páirtithe as lochtanna sna bogearraí a soláthraíodh, arna líomhain ag GR, go háirithe i ndáil le comhlíonadh cheanglais reachtóir na Gearmáine agus cheanglais Kassenärztliche Bundesvereinigung (Cumann Cónaidhme na nDochtúirí Comhaontaithe, an Ghearmáin) maidir le sonrascadh scagthástálacha agus maidir leis na nósanna imeachta chun deimhnithe tástála a aistriú chuig an bhfeidhmchlár ‘Corona-Warn-App’.

6 ‘VariusSystems’.

7 Is léir ó na doiciméid sa chomhad arna sheoladh ag an gcúirt a rinne an tarchur gur cumasaíodh, leis na bogearraí arna n-úsáid ag GR, ar an idirlíon, na tástálacha scagtha a thaifeadadh agus a phróiseáil. Thagair an chúirt sin do ‘sheirbhísí cianda’. Féach mír 19 den Tuairim seo.

8 I bhfoclóir chúrsaí TF (féach, mar shampla, sainmhínithe atá ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://vitrinelinguistique.oqlf.gouv.qc.ca/), cumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an téarma sin: bogearraí a dhearadh, ríomhchlárú, céim na tástála, imscaradh agus cothabháil. Tugtar ‘foilsitheoir’ ar an bhforbróir.

9 Leis an téarma sin, cumhdaítear an ghníomhaíocht lena bhféachtar feidhmiú cuí na mbogearraí a áirithiú, seachas an fhorbairt.

13. Rinne GR agóid i gcoinne dhlínse idirnáisiúnta na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair. Dhearbhaigh sé gurb éard a bhí mar sheirbhís shainiúil sa chonradh i dtrácht ná úsáid bogearraí oibríochtúla i gcomhréir le ceanglais reachtóir na Gearmáine do dhaoine nádúrtha Gearmánacha sa Ghearmáin, ionas go mbainfí de thátal as sin gurbh é a shuíomh an t-ionad feidhmíochta a bhí le húsáid.

14. Dhiúltaigh Landesgericht Wien (an Chúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair), don chaingean, agus í ag diultú a dlínse idirnáisiúnta a fheidhmiú. Rinne sí an conradh a tugadh i gcrích idir na páirtithe a aicmiú mar 'chonradh díolacháin' agus chuir sí in iúl gurb é suíomh GR sa Ghearmáin an t-ionad feidhmíochta.

15. Sheas Oberlandesgericht Wien (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair) leis an gcinneadh sin, ach chinn sí é a aicmiú mar 'sholáthar seirbhísí' de réir bhrí an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, ar an bhforas, *inter alia*, nár mhór na bogearraí a oiriúnú agus a fhorbairt go speisialta do riachtanais an ghnóthais ag GR féin, i gcomhréir le ceanglais reachtóir na Gearmáine. Agus í ag glacadh leis, i gcás seirbhísí nach mbaineann le háit ar leith, go meastar na seirbhísí sin a bheith á soláthar ar an suíomh a sroicheann na seirbhísí sin an faighteoir, bhí an chúirt sin den tuairim, sa chás seo, gurb í an Ghearmáin an suíomh, áit ina bhfuil fáil ar na bogearraí nach mór a chur in oiriúint go sonrach do staid na Gearmáine, rud is ionann agus sainchomhlíonadh an chonartha.

16. Ansin thug VariusSystems achomharc os comhair an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach), a mheasann freisin gur cheart an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, maidir le bogearraí sainoiriúnaithe a fhorbairt, a chur i bhfeidhm.

17. De réir na cúirte sin, ní mór an áit ina ndearnadh na seirbhísí a sholáthar don chuid is mó a chinneadh,[10] rud a d'fhágfadh gurbh é an áit ina soláthraítear an tseirbhís intleachtúil, seachas an áit ina bhfaightear rochtain ar na bogearraí agus ina n-úsáidtear iad, ionad feidhmíochta conarthaí forbartha bogearraí.

18. Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt sin faoi ábharthacht réitigh den sórt sin mar gheall ar thuairimí acadúla áirithe, ar dá réir, mura mbaineann seirbhís le suíomh ar leith, a mheastar í a bheith á soláthar ag an suíomh ina bhfuil rochtain ag faighteoir na seirbhíse uirthi.

19. Cuireann sí in iúl, sa chás seo, nach mbeadh aon luach neamhspleách *per se* i soláthar na seirbhíse intleachtúla san Ostair murach rochtain a bheith á fáil uirthi agus í a bheith á húsáid sa Ghearmáin, go háirithe ós rud é go maíonn VariusSystems gur cheart go mbeadh íocaíocht á fáil aige as gach tástáil arna déanamh go rathúil. Chomh maith leis sin cuireann sí in iúl gurbh fhearr a bheadh cúirteanna na háite ina n-úsáidtear na bogearraí in ann saincheisteanna substainteacha a réiteach a bhaineann le comhlíonadh an chonartha toisc go mbeadh na fíorais agus an fhianaise níos gaire dóibh. Dá bhrí sin, fiafraíonn sí, chun an t-ionad feidhmíochta a chinneadh i gcás cianseirbhísí, amhail sa chás seo, an é an áit atá cinntitheach chun an t-ionad feidhmíochta sin a chinneadh an áit ina ndearna an soláthróir seirbhíse an obair, nó an áit a rabhthas ag féachaint di agus an tseirbhís á soláthar agus ina raibh rochtain ag an bhfaighteoir uirthi.

[10] Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i ndáil leis sin, do bhreithiúnas an 11 Márta 2010, *Wood Floor Solutions Andreas Domberger* (C-19/09, 'an breithiúnas in *Wood Floor*', EU:C:2010:137, míreanna 38 agus 40).

20. Sna himthosca seo, chinn an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

'An gcaithfear Airteagal 7(1)(b) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] a léiriú amhail, i gcás ina n-eascróidh imeachtaí sibhialta as conradh, go bhfuil an t-ionad feidhmíochta maidir le forbairt agus oibriú leanúnach bogearraí atá oiriúnaithe do riachtanais aonair custaiméara atá bunaithe i mBallstát A (anseo: an Ghearmáin) ag an suíomh sin

a) ar a soláthraíonn an chuideachta atá bunaithe i mBallstát B (anseo: an Ostair) an cruthú intleachtúil atá taobh thiar de na bogearraí ('ríomhchlárú')

b) ar a sroicheann na bogearraí an custaiméir, i.e. rochtain ar agus úsáid na mbogearraí?'

21. Chuir VariusSystems, GR agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

IV. Anailís

22. Ceist nár cuireadh a leithéid riamh go dtí seo is ea an cheist atá curtha faoi bhráid na Cúirte maidir le léiriú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012 i gcomhthéacs soláthar bogearraí arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag foilsitheoir i mBallstát amháin chun freastal ar shain-riachtanais shonracha úsáideora i mBallstát eile.

23. Mar réamhphointe, ní mór rialú a dhéanamh i leith aicmiú an chonartha. Mar gheall ar shaintréithe na n-oibleagáidí conarthacha atá i gceist,[11] aontaím leis na páirtithe agus leis an gcúirt a rinne an tarchur araon go dtagann an conradh atá i gceist faoi raon choincheap 'soláthar seirbhísí'.

24. Ba cheart breathnú ar na prionsabail a meabhraíodh i mbreithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *EXTÉRIA*,[12] agus ar na critéir a leagadh amach i mbreithiúnas an 25 Feabhra 2010, *Car Trim*.[13] Leo sin, cumasaítear rogha a dhéanamh idir dhá aicmiú den chonradh, eadhon 'díol earraí' nó 'soláthar seirbhísí'.[14] Dá réir sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, ní mór a fháil amach cad í oibleagáid shainiúil an chonartha atá i gceist agus cad í an chomaoin a ghabhann lena chomhlíonadh. Sa chás seo, is éard a bhí i gceist le gníomhaíocht VariusSytems ná bogearraí a fhoilsiú a bhí oiriúnaithe do riachtanais an ghnóthais ag GR agus oibriú na mbogearraí sin a áirithiú. Soláthairtí seirbhísí atá i gceist leo sin a cuireadh i gcrích le haghaidh comaoine, arb í an

[11] Féach, maidir leis an oibleagáid chun oibleagáid chonarthach a shainaithint in éagmais conradh i scríbhinn, breithiúnas an 14 Iúil 2016, *Granarolo* (C-196/15, EU:C:2016:559, mír 24).

[12] C-393/22, EU:C:2023:675, míreanna 23 go 25 agus 34, agus an cásdlí dá dtagraítear.

[13] C-381/08, 'an breithiúnas in *Car Trim*', EU:C:2010:90, míreanna 31 agus 32, chomh maith leis an gcásdlí dá dtagraítear.

[14] Ba cheart a mheabhrú gur chinn an Chúirt nach mór diúltú d'argóintí a bhaineann le coincheap 'seirbhísí' ar bhonn Airteagal 57 CFAE, agus le Treoracha an Aontais maidir le CBL, nó le reachtaíocht thánaisteach eile seachas Rialachán Uimh. 1215/2012, atá infheidhme i réimse an chomhair shibhialta. Féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Aibreán 2009, *Falco Privatstiftung agus Rabitsch* (C-533/07, EU:C:2009:257, míreanna 33 go 40). Maidir leis na rialacha faoi easaontacht dlíthe, féach breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2011, *eDate Advertising agus páirtithe eile* (C-509/09 agus C-161/10, EU:C:2011:685, míreanna 62 agus 63).

chomaoin sin luach saothair is iníoctha ag GR le haghaidh gach úsáide den tseirbhís.[15] Dá bhrí sin, comhlíontar na critéir maidir le 'soláthar seirbhísí', de réir bhrí an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012.[16]

25. Dá bhrí sin, ní mór scrúdú a dhéanamh lena fháil amach cén freagra atá le tabhairt ar an gceist aonair ón gcúirt a rinne an tarchur lena bhfiafraíonn sí den Chúirt, go bunúsach, an iomchuí a chinneadh gurb é an t-ionad feidhmíochta do chonradh 'soláthair seirbhísí', de réir bhrí an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, i gcás bogearraí a bheith á soláthar ar líne[17] an áit ina ndearna cuideachta sheirbhísí TF iad a fhorbairt[18] nó, seachas sin, an áit inar bhain an custaiméir úsáid astu.

26. In éagmais faisnéisí a d'fhéadfadh a bheith i bhforálacha conarthacha lena bhféadfaí ionad feidhmíochta an chonartha a chinneadh, gan aon chomhaontaithe nó aon doiciméid eile,[19] ní mór go mbeadh an freagra ar an gceist sin bunaithe ar an dá phríomhbhreithniú seo a leanas, arna dtagairt ag an gCúirt le gairid:[20]

– an riail maidir le dlínse speisialta in ábhar a bhaineann le conradh, dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, a fhaigheann údar ó dhlúthnasc chun an conradh i gceist a nascadh leis an gcúirt a n-iarrtar uirthi é a éisteacht, forlíontar an riail ghinearálta go mbíonn dlínse ag cúirteanna na háite ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir, agus,

– an critéar nasctha maidir leis an gconradh sin, a shainmhínítear go neamhspleách mar an áit i mBallstát ina ndearnadh na seirbhísí a sholáthar nó inar cheart go mbeadh siad soláthraithe faoin gconradh sin, chun cuspóirí maidir le haontú agus le hintuarthacht na rialacha a bhaineann le dlínse a neartú agus, dá bhrí sin, chun cuspóirí na deimhneachta dlíthiúla a neartú.

27. Is é sin le rá, tá an riail speisialta sin maidir le dlínse, arna ceapadh sa chaoi go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir í féin agus an riail faoi dhlínse ghinearálta, bunaithe ar chritéar fíorasach amach is amach a bheidh ina chúis le hainmniú cúirte a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcás sa chaoi go mbeidh ceanglais riar chuí an cheartais á gcomhlíonadh.[21]

15 Féach mír 11 den Tuairim seo.

16 Lasmuigh den chás seo, ar cás é nach bhfuil aon amhras ann faoi sholáthar seirbhísí (féach, chuige sin, El Hage, Y., op. cit., mír 56, lch. 59), táim den tuairim nach mbíonn pearsantú na mbogearraí ina chritéar cinntitheach i ngach cás. Féadfaidh seirbhís cothabhála nó oibríochta, nó rochtain trí líonra amhail an t-idirlíon, a bheith ag gabháil le soláthar bogearraí caighdeánacha. Go ginearálta, an rud atá sainiúil don tseirbhís a chuirtear ar fáil ná soláthar fheidhmiúlachtaí na mbogearraí. Féach, maidir le 'hábhar digiteach a sholáthar trí mheán inláimhsithe', El Hage, Y., op. cit., mír 55 (lch. 56). I ndáil leis sin, níl mo chuid anailíse contrártha le breithiúnais an 3 Iúil 2012, *UsedSoft* (C-128/11, EU:C:2012:407, mír 61), agus an 16 Meán Fómhair 2021, *The Software Incubator* (C-410/19, EU:C:2021:742, mír 38). Is fíor gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais sa dara bhreithiúnas sin, agus í ag tagairt don chéad cheann, 'ó thaobh na heacnamaíochta de, gur cosúil ríomhchláir a dhíol ar CD-ROM nó ar DVD le clár mar sin a dhíol tríona íoslódáil ón idirlíon, ós rud é gurb ionann ó thaobh na feidhme de an modh tarchuir ar líne agus soláthar meáin ábharaigh' [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Mar sin féin, ní hamháin go dtagann an anailís sin i gcomhthéacs cásanna arna rialú ag reachtaíocht thánaisteach a bhaineann, faoi seach, le cosaint dhlíthiúil ríomhchlár agus le gníomhairí neamhspleácha tráchtála, ní mór í a mheas, dar liom, mar rud nach mbaineann ach amháin leis an rud is ábhar don díol, gan aon seirbhís a bheadh riachtanach lena húsáid a chur san áireamh.

17 Táim ag baint úsáid as an téarma sin i bhfianaise an mhéid a leagtar amach i bhfonóta 7 den Tuairim seo.

18 Tá an téarma sin ag freagairt do bhrí phointe (a) den cheist ón gcúirt a rinne an tarchur. Féach an sainmhíniú a chuirtear i gcuimhne i bhfonóta 8 den Tuairim seo agus, maidir leis na hiarmhairtí atá le tarraingt, mír 44 di.

19 Féach, sna himthosca sin, *Car Trim* (mír 54) agus *Wood Floo*r (mír 38), agus an 10 Meán Fómhair 2015, *Holterman Ferho Exploitatie agus páirtithe eile* (C-47/14, EU:C:2015:574, míreanna 60 go 62).

20 Féach breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *EXTÉRIA* (C-393/22, EU:C:2023:675, míreanna 29 agus 30, agus an cásdlí dá dtagraítear).

21 Féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Bealtaine 2007, *Color Drack* (C-386/05, 'an breithiúnas in *Color Drack*, EU:C:2007:262, mír 40), agus an breithiúnas in *Car Trim* (míreanna 52 agus 53, mar mheabhrú ar stair reachtach forálacha atá coibhéiseach le forálacha Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 1215/2012, agus, chomh maith leis sin, an deis chun dul i muinín rialacha dhlí idirnáisiúnta príobháideach Bhallstát na cúirte a eisiamh).

28. I bhfianaise na loighce agus an chuspóra sin, measaim, maidir le seirbhísí ar líne á soláthar ag cuideachta TF agus in éagmais aon rogha a bheith déanta ag reachtóir an Aontais i réimse doláimhsithe den sórt sin, gurb éard atá mar chritéar nasctha leordhóthanach ná ionad feidhmíochta iarbhír an chonartha sin,[22] eadhon an áit óna bhfaigheann an custaiméir rochtain iarbhír ar an tseirbhís ar líne nó, i bhfocail eile, an 'áit ina mbíonn an tionchar is suntasaí ag an ngníomhaíocht ar líne',[23] nó an 'áit ina ndéantar soláthar deiridh na seirbhísí'.[24]

29. Tá ceithre chineál argóinte i bhfabhar an chritéir maidir le húsáid na seirbhíse a roghnú seachas an critéar a bhaineann lena háit tionscnaimh, idir argóintí téacsúla, argóintí maidir le cásdlí, argóintí a bhaineann le cursaí cleachtais agus argóintí a bhaineann leis an dlí is infheidhme.

30. Ar an gcéad dul síos, is féidir argóint théacsúil a chur ar aghaidh atá bunaithe ar an leagan 'an áit [...] ina ndearnadh, faoin gconradh, na seirbhísí a sholáthar nó inar cheart iad a bheith soláthraithe'.[25] Ní mór, dá bhrí sin, idirdhealú a dhéanamh idir soláthar seirbhíse[26] agus dearadh seirbhíse.

31. Ar an dara dul síos, i gcás nach bhforáiltear dó in Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, is é sin le rá i gcás nach ann do chritéir a thagann ón gconradh, roghnaigh an Chúirt mar chritéar, le haghaidh ciandíol earraí, 'ceann scríbe deiridh' an idirbhirt sin.[27] I ndáil le soláthar seirbhísí, i gcás neart ionad feidhmíochta a bheith ag oibleagáid shainiúil de chonradh mar sin agus nach féidir a chinneadh, ar bhonn an chonartha sin, cad í príomháit sholáthar na seirbhísí sin,[28] is éard a bhí in úsáid, mar rogha mhalartach, ná an áit ina ndearnadh na gníomhaíochtaí i bhfeidhmiú an chonartha don chuid is mó.[29] Dheimhnigh an chúirt an cinneadh chun feidhmiú iarbhír an chonartha a roghnú[30] sa bhreithiúnas in *Saey Home & Garden*.[31] Dá réir sin, dá roghnófaí úsáid deiridh na seirbhíse ar líne mar chritéar, bheadh sé sin ag teacht leis an gcásdlí sin,[32] nár cheart, dar liom, a bheith teoranta sa chaoi nach mbainfeadh sé ach le cásanna ina soláthraítear seirbhísí i neart Ballstát.[33]

32. Mar sin féin, tugaim faoi deara go dtagann tuairimí atá contrártha leis sin as cásdlí na Cúirte freisin.

22 Féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Márta 2018, *Saey Home & Garden*, (C-64/17, 'an breithiúnas in *Saey Home & Garden*', EU:C:2018:173, mír 45).

23 Féach El Hage, Y., op. cit., mír 502 (lch. 417). Ag mír 517 (lch. 428), sainmhínítear an áit sin mar an áit 'as a mbaineann an custaiméir tairbhe iarbhír as toradh an tsoláthair'. Féach freisin, le haghaidh achoimre ar an gcur chuige maidir le cibearchonarthaí agus cibearchoireanna araon, mír 715 (lch. 592) den saothar sin.

24 Féach Sindres, D., 'Compétence judiciaire, Reconnaissance et Exécution des décisions en matière civile et commerciale. – Compétence. – Règles ordinaires de compétence. – Option de compétence en matière contractuelle. – Article 7, [sect] 1, du règlement (UE) nº 1215/2012', *JurisClasseur Droit international*, LexisNexis, Paris, an 1 Eanáir 2022, fascicule 584-130, mír 71, an chéad agus an dara halt, ina n-úsáidtear an nath 'ceann scríbe deiridh' na seirbhísí nó an tsoláthair chomh maith.

25 Féach Sindres, D., op. cit., mír 71, an tríú halt.

26 Is mar seo a leanas atá an téarma 'soláthar' le tuiscint anseo: rud éigin a sholáthar do dhuine sa chiall rud a sheachadadh, a fháil, a thabhairt, a chur ar fáil seachas sa chiall 'iarracht a dhéanamh', mar shampla.

27 Féach an breithiúnas in *Car Trim* (mír 62).

28 Féach an breithiúnas in *Wood Floor* (mír 38).

29 Féach an breithiúnas in *Wood Floor* (mír 40). Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2015, *Holterman Ferho Exploitatie agus páirtithe eile* (C-47/14, EU:C:2015:574, mír 64).

30 Féach, roimhe sin, an breithiúnas *Wood Floor* (mír 41).

31 Féach an breithiúnas in *Saey Home & Garden* (mír 45).

32 I ndáil leis an análaí seo, féach Fawcett, J., Harris, J., agus Bridge, M., *International Sale of Goods in the Conflict of Laws*, Oxford University Press, Oxford, 2005, dá dtagraítear in El Hage, Y., op. cit., mír 528 (lch. 436 agus 437).

33 Féach, i ndáil leis an rud céanna Sindres, D., op. cit., mír 76, an séú halt.

33. Sa chéad áit, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú agus ó na doiciméid a cuireadh os comhair na Cúirte, is éard is ábhar don phlé ná an critéar a úsáidtear sa bhreithiúnas in *Wood Floor* eadhon an áit ina ndéanann an soláthróir seirbhíse a chuid oibre, rud a d'fhágfadh, sa chás seo, go dtabharfaí fabhar don áit inar soláthraíodh an tseirbhís intleachtúil.

34. Feictear dom féin go leanann sé ó na breithiúnais in *Wood Floor* agus in *Saey Home & Garden* araon, atá bunaithe ar an gcritéar maidir le feidhmiú iarbhír an chonartha, in éagmais forálacha conarthacha, nach mór a fháil amach cad í an áit ina soláthraítear an tseirbhís. Dá bhrí sin, sa chaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire tráchtála amhail sa chaidreamh idir soláthróir agus dáileoir i gcomhthéacs conradh saincheadúnais tráchtála, is é an fóram a roghnaítear an fóram a bhaineann leis an gcuid is mó den ghníomhaíocht, arb iad na rudaí atá i gceist léi, sa chéad chás, seirbhísí éagsúla ullmhúcháin agus caibidlíochta a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, idirbheartanna tráchtála a bheith á dtabhairt i gcrích ag an ngníomhaire thar ceann an phríomhaí [34] agus, sa dara cás, dáileadh tháirgí an tsoláthróra a áirithiú. [35]

35. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i dteannta leis sin, gur glacadh na cinntí sin i bhfianaise imthosca ar leith ag eascair as gníomhaíochtaí a bheith suite i roinnt Ballstát, agus dá bhrí sin go bhfuil siad ag teacht leis [36] an mbreithiúnas in *Color Drack*, i gcás díol earraí arna seachadadh in áiteanna éagsúla in aon Bhallstát amháin, [37] agus le breithiúnas an 9 Iúil 2009, *Rehder*, [38] i gcás soláthar seirbhísí in dhá Bhallstát. [39]

36. Bheadh raon an chásdlí sin ró-fhada dá mbainfí de thátal as, *i ngach cás*, gurb í an áit ina soláthraítear an tseirbhís an áit ina ndéanann an soláthróir a chuid gníomhaíochtaí soláthair. Ar thaobh amháin, d'aithin an Chúirt tosca sonracha atá fónta chun áit feidhmíochta na seirbhíse a shonrú, agus is faoin gcúirt náisiúnta atá sé diúltú dóibh de réir na gcásanna atá os a comhair. [40]

37. Ar an taobh eile, leis an gcásdlí sin, i mo thuairimse, léirítear fonn ionad na gníomhaíochta a aimsiú i gcomhréir le cur chuige eacnamaíoch, chun ceanglais na gaireachta agus na hintuarthachta a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr. Feictear dom go bhfuil an cur chuige sin an-oiriúnach le haghaidh soláthar seirbhísí ríomhaireachta ar líne, toisc nádúr doláimhsithe a bheith acu, fad is nach raibh rochtain ag an bhfaighteoir orthu.

38. Sa dara háit, d'fhéadfaí a rá freisin, i bhfianaise an nádúir dholáimhsithe sin, [41] go raibh ar an gCúirt déileáil cheana féin le cás dá leithéid sin, eadhon cás faoi chomhaontú creidmheasa arna dheonú ag institiúid baincéireachta. [42] Agus í ag glacadh leis gurb í oibleagáid shainiúil an chomhaontaithe sin deonú na suime a thugtar ar iasacht, cé nach bhfuil in oibleagáid an iasachtaí an tsuim sin a aisíoc ach iarmhairt ar fheidhmíocht sheirbhís an iasachtóra, chinn an Chúirt gurbh

[34] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Wood Floor* (míreanna 35 agus 38).

[35] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Saey Home & Garden* (míreanna 43 agus 45).

[36] Féach an breithiúnas in *Wood Floor* (míreanna 22, agus 25 agus 26 chomh maith).

[37] Féach an breithiúnas in *Color Drack* (mír 8).

[38] C-204/08, EU:C:2009:439.

[39] Féach breithiúnas an 9 Iúil 2009, *Rehder* (C-204/08, EU:C:2009:439, mír 2).

[40] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Wood Floor* (mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[41] Leag Mailhé, F. béim ar an ngné sin ina thráchtaireacht ar bhreithiúnas an 15 Meitheamh 2017, *Kareda* (C-249/16, 'an breithiúnas in *Kareda*', EU:C:2017:472), in Payan, G., *Espace judiciaire civil européen: Arrêts de la CJUE et commentaires*, Bailiúchán 'Droit de l'Union européenne', Bruylant, an Bhruiséil, 2020, mír 372 (lch. 315).

[42] Féach, le haghaidh cás den sórt sin, Sindres, D., op. cit., mír 71, an t-aonú mír déag.

í an áit inar soláthraíodh na seirbhísí, de réir bhrí an dara fleasc d'Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, i gcás ina ndéanann institiúid creidmheasa creidmheas a dheonú, an áit ina bhfuil oifig chláraithe na hinstitiúide sin suite. [43]

39. Tugaim faoi deara, i ndáil leis sin, gur bhreathnaigh an Chúirt ar shaintréithe an tsoláthair seirbhísí a rinne banc nach raibh baint aige le háit ar leith agus nach raibh sé de cheangal uirthi rialú a thabhairt ar an gcás ina ndéantar aistriú bainc chuig cuntas atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil oifig chláraithe na hinstitiúide sin. [44]

40. Ar na cúiseanna sin, ní fheictear dom gur féidir an réiteach a glacadh sa bhreithiúnas in *Kareda* a chur i bhfeidhm i gcás bogearraí ar líne a sholáthar, *a fortiori* i gcomhthéacs trasteorann.

41. Ar an tríú dul síos, maidir leis na cúinsí praiticiúla atá ina n-ábhair phlé freisin, ní ghlacaim leis an argóint, go bunúsach, maidir le hoibleagáid shainiúil de chonradh chun seirbhísí ar líne a sholáthar, gur gá gurb ionann é agus an uaslódáil ('upload', sa Bhéarla) a dhéanann an soláthróir ar ábhair dhigiteacha, ar an bhforas nach féidir le suíomh an tsoláthair sin a bheith ag brath ar idirghabháil an chustaiméara. [45] Sa chás sin, ba cheart go roghnófaí an áit óna ndéanann an soláthróir seirbhíse a ghníomhaíocht.

42. Cé go n-aontaím leis an anailís a bhfuil an argóint sin bunaithe go páirteach uirthi, eadhon gur féidir gníomhaíochtaí ar líne a nascadh le háiteanna sonracha i gcónaí, [46] measaim nach gcuirtear éagsúlacht na ngníomhaíochtaí sin san áireamh sa réiteach a mholtar i bhfianaise an nádúir [47] agus an tsuímh a d'fhéadfadh a bheith acu. [48]

43. Is féidir le cuideachta a sholáthraíonn seirbhísí TF é sin a dhéanamh ag céimeanna éagsúla, go hiomlán nó go páirteach: céim fhorbairt (nó chruthú) na mbogearraí, céim a chuirtear ar fáil iad (nó céim a chuirtear chun seirbhíse don chustaiméir iad) agus céim an oibrithe (nó céim ráthaíochta na hoibríochta cuí). Ní hea go ndéantar na gníomhaíochtaí éagsúla sin ag oifig chláraithe na cuideachta a sholáthraíonn an tseirbhís/na seirbhísí i gcónaí.

[43] Féach an breithiúnas in *Kareda* (mír 42).

[44] Féach an breithiúnas in *Kareda* (míreanna 18, 41 agus 42).

[45] Féach, chuige sin, Mankowski, P., 'Article 7', in Magnus, U., agus Mankowski, P., *European Commentaries on Private International Law, Brussels Ibis Regulation*, an 2ú heag., Otto Schmidt, Köln, 2023, lgh. 222 agus 223, go háirithe mír 184 (lch. 222).

[46] Féach Mankowski, P., op. cit., mír 184, agus, i ndáil leis an rud céanna, Sindres, D., op. cit., mír 70. Féach, i ndáil leis sin, le haghaidh idirdhealú atá dea-bhunaithe, dar liom, idir rud nach bhfuil ann ach comhairle agus seirbhís a bhaineann le háit ar leith, Gottwald, P., 'Art. 7 [Besondere Gerichtsstände]', in Rauscher, T., agus Krüger, W., *Münchener Kommentar zur Zivilprozessordnung*, an 6ú heag., C.H. Beck, München, 2022, mír 31, le cur i gcomparáid le Simotta, D -A., 'Art 7 EuGVVO 2012', in Fasching, H. W., agus Konecny, A., *Zivilprozessgesetze*, an 2ú heag., Manz, Vín, 2022, mír 203, na hailt dá ndearna an chúirt a rinne an tarchur tagairt. Tá an t-idirdhealú sin mar údar gan bheith ag caitheamh ar an gcaoi chéanna le dhá chineál seirbhíse a bhí ina n-ábhar d'fhasach, eadhon soláthar seirbhísí dlíodóra agus seirbhísí ailtire, agus dá réir sin, seirbhísí foilsitheora bogearraí. Le haghaidh ráiteas ar chúiseanna atá contrártha leis sin, féach breithiúnas 20 U 3515/09 ó Oberlandesgericht München (Ard-Chúirt Réigiúnach, München, an Ghearmáin), an 23 Nollaig 2009, agus tráchtaireacht ina leith ó Mankowski, P., 'Internationale Zuständigkeit am Erfüllungsort bei Softwareentwicklungsverträgen', *Computer und Recht*, Otto Schmidt, Köln, 2010, Uimh. 137, dá ndéanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt freisin.

[47] Féach, le haghaidh cuntas mionsonraithe, El Hage, Y., op. cit., míreanna 517 et seq. Féach freisin Reymond, M., 'Jurisdiction under Article 7 no. 1 of the Recast Brussels I Regulation: the case of Contracts for the Supply of Software', *Yearbook of Private International Law*, Iml. 16 (2014/2015), lgh. 219 go 239, go háirithe, lgh. 220 go 224, le haghaidh na mínithe teicniúla, agus lch. 224, le haghaidh na hachoimre seo: 'ní féidir aon chineál idirbhirt amháin a shainaithint go héasca leis an téarma "soláthar bogearraí". Os a choinne sin, baineann sé le sraith cineálacha éagsúla idirbheart a bhfuil difríochtaí eatarthu, cé go bhfuil sé i gcoiteann acu go mbaineann siad le haistriú bogearraí, ní hamháin ó thaobh shonraí a n-oibríochtúla, ach freisin ó thaobh ábhar na gceart agus na n-oibleagáidí a dheonaítear leo don pháirtí a n-aistrítear na bogearraí chuige'.

[48] Féach barúlacha ó Mankowski, P., 'Internationale Zuständigkeit am Erfüllungsort bei Softwareentwicklungsverträgen', op. cit., bunaithe ar an tuiscint go soláthraítear seirbhísí a chumhdaítear le conradh forbartha bogearraí go ginearálta san áit ina bhforbraítear na bogearraí agus gurb éard a bhíonn i gceist, go ginearálta, ná bunú conarthach an fhorbróra bogerraí.

44. Tugaim le fios uaidh sin, ar an gcéad dul síos, amhail an Coimisiún, nach ionann dearadh agus clárú bogearraí agus oibleagáid shainiúil an chonartha chun bogearraí a sholáthar ós rud é, gan iad a bheith curtha chun seirbhíse, nach mbeadh an tseirbhís éifeachtach don chustaiméir.[49] Is ón gcéim sin amach gur féidir na bogearraí a úsáid, tar éis tástáil a bheith déanta orthu, agus gur féidir an caighdeán a sheiceáil. Déantar an oibríocht sin san áit a bhfuil rochtain ag an úsáideoir ar na bogearraí. Mar sin, táim den tuairim nach mór idirdhealú a dhéanamh idir an chéim sin den tseirbhís agus céim na hoibríochta. Ós rud é nach bhfágtar leis go bhfuil gá le forbairtí nua TF, níl ann ach oibleagáid bhreise nach féidir a bheith mar bhonn le critéar nasctha.

45. Ina dhiaidh sin, mar atá sonraithe ag an gCoimisiún, agus an ceart aige, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí gníomhaíocht an fhoilsitheora lasmuigh d'oifig chláraithe an ghnóthais.[50] Is amhlaidh atá i gcás gníomhaíochtaí um bogearraí a chur chun seirbhíse. Ina theannta sin, féadfaidh an foilsitheoir nó aon soláthraí eile d'ábhar digiteach é sin a dhéanamh go díreach ar líne ar threallamh an chustaiméara nó, trína chur ar fáil ar líne, trí shuíomh gréasáin an tsoláthraí, mar shampla trí mheán an idirlín, nó trí ardán ríomhaireachta,[51] nó faoi chonradh seirbhíse néalríomhaireachta ('cloud computing' sa Bhéarla).[52]

46. Dá bhrí sin, féadfar níos mó ná critéar amháin a lorg maidir le hionad na gníomhaíochta a bhaineann le soláthar bogearraí ar bhonn Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, cé is moite d'aon nasc atá bunaithe ar shuíomh an fhreastalaí, áfach.[53] I ndáil leis sin, feictear dom gur léir na deacrachtaí sonracha d'fhéadfadh a bheith ag custaiméir seirbhíse ar líne maidir le logánú ó na himthosca fíorasacha a ndearna an chúirt a rinne an tarchur cur síos orthu agus óna ceisteanna féin. Tagann na ceisteanna seo a leanas chun cinn sa chás seo: ar cheart idirdhealú a dhéanamh idir an tseirbhís forbartha tosaigh (nó an tseirbhís deartha tosaigh) agus an tseirbhís cothabhála (nó faireacháin), cé go bhfuil dlúthnasc eatarthu toisc nuashonrú a bheith ar bun ar na bogearraí go rialta? An gcuirtear an dá sheirbhís sin i bhfeidhm ón áit chéanna? Cén chaoi ar chuir an foilsitheoir (VariusSytems) na bogearraí chun seirbhíse (nó cén chaoi ar chuir sé ar fáil iad)? In éagmais aon soiléiriú san ordú tarchuir nó sna cinntí sna breithiúnais a tháinig roimhe mar chuid de na príomhimeachtaí, a tugadh don Chúirt, nach féidir glacadh leis, i bhfianaise an mhodha shonrascaithe, gur cuireadh bogearraí den chineál 'Bogearraí mar Sheirbhís'[54] chun seirbhíse ar ardán agus nár suiteáladh iad ar threallamh an chustaiméara a d'íoslódáil é? Go deimhin, chomh

[49] Féach, chuige sin, El Hage, Y., op. cit., mír 528, an dara mír, (lch. 435). Mheabhraigh an Chúirt, i gcás a bhain le léiriú ar an gcoincheap 'díol earraí' arna dhéanamh ag gníomhaire tráchtála, 'sa chás ar leith a bhaineann le cóip de bhogearraí ríomhaireachta a dhíol, gur chinn an Chúirt gur iomlán doroinnte iad cóip de ríomhchlár a íoslódáil agus comhaontú ceadúnais úsáideora a bhaineann leis an gcóip sin a thabhairt i gcrích. Níl aon áiseacht ag baint le cóip de chlár den sórt sin a íoslódáil mura féidir leis an sealbhóir an chóip sin a úsáid'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Féach breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *The Software Incubator* (C-410/19, EU:C:2021:742, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[50] Maidir le seachfhoinsiú seirbhísí, féach Le Tourneau, P., *Contrats du numérique: informatiques et électroniques*, 12ú heag, Dalloz, Paris, 2022, mír 342.11 (lch. 550).

[51] De réir an tsainmhínithe a thugtar in Beelen, A., Charlier, C., agus Vigneron, J., *Guide pratique des plateformes: 20 Legal designs commentés*, Larcier, an Bhruiséil, 2021, lgh. 44 agus 45, 'le hardáin TF cuirtear gach cineál feidhmchlár ar fáil agus cumasaíonn siad idirghníomhaíochtaí idir úsáideoirí na bhfeidhmchlár sin agus forbróirí tríú páirtí. [...] Samplaí d'ardáin TF is ea iad Apple iOS, Google Android, nó Microsoft Windows'.

[52] Féach an sainmhíniú agus na barúlacha i bhfonóta 56 den Tuairim seo. Féach freisin an anailís a rinne Marchadier, F., 'Internet et droit international privé', *JurisClasseur Droit international*, LexisNexis, Paris, an 2 Eanáir 2023, fascicule 544-60, mír 23, maidir leis an gcaoi gur gá, 'agus fabhar á thabhairt don áit óna gcuirtear chun seirbhíse gníomhaíocht an tsoláthraí seirbhíse, [...] a chinneadh an mbraitheann an áit sin ar shuíomh bhunú an tsoláthraí seirbhíse nó ar óstáil shuíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhíse'.

[53] Ba mhaith liom a chur in iúl, cosúil le go leor údar, gur minic a bhíonn an suíomh sin éiginnte agus inmhodhnaithe go héasca. Féach go háirithe, El Hage, Y., op. cit., míreanna 87 agus 88 (lgh. 78 agus 79), chomh maith le mír 528, an mír deireanach, (lch. 437); Mankowski, P., 'Article 7', op. cit., mír 184, agus Gottwald, op. cit., mír 31. Féach freisin Marchadier, F., op. cit., mír 8, go háirithe maidir le cásdlí na Cúirte i ndáil le sárú ar dhlí na dtrádmharcanna. Féach, freisin, breithiúnas 20 U 3515/09 ó Oberlandesgericht München (Ard-Chúirt Réigiúnach München), an 23 Nollaig 2009, mír 48.

[54] Féach, le haghaidh cuntas mionsonraithe, Le Tourneau, P., op. cit., mír 342.14 (lch. 552), agus an t-alt a luaigh an t-údar sin arna scríobh ag Alterman, H., agus Perbost, F., 'Les points essentiels du contrat Saas', *Revue de jurisprudence commerciale*, Thomson Reuters, 2010, Uimh. 1.

fada agus is eol dom, i bhformhór na gcásanna le thart ar 10 mbliana,[55] i gcás seirbhísí ríomhaireachta ar líne, bíonn rochtain á fáil ag an gcustaiméir ar bhogearraí trí líonra (mar shampla an t-idirlíon) óna ríomhaire nó ó aon mheán eile i gcomhthéacs seirbhís néalríomhaireachta ('cloud computing').[56]

47. Ar deireadh, d'fhéadfadh éagsúlacht na modhanna soláthair le haghaidh seirbhísí ríomhaireachta sin agus a bhforbairt leanúnach theicneolaíoch agus eacnamaíoch[57] a bheith leordhóthanach mar údar, dar liom, leis an tuiscint nach bhfuil ann d'aon áit chinnte agus, dá réir sin, intuartha, d'fheidhmiú conartha seirbhísí ar líne seachas an áit ina mbaintear tairbhe iarbhír as na seirbhísí sin.[58]

48. Tá sé mar bhuntáiste leis an rogha sin i bhfabhar na háite ina bhfaightear nó ina n-úsáidtear an tseirbhís/na seirbhísí a sholáthraítear nach ndéantar na critéir nasctha a athrú de réir chéimeanna éagsúla an tsoláthair seirbhísí agus nach bhforchuirtear ar an úsáideoir rogha a dhéanamh maidir leis an suíomh lena ndéanamh, cé go bhfuil treocht eacnamaíochta ann i dtaobh an tseachfhoinsithe chuig tríú tíortha. Os a choinne sin, dá measfaí, i ngach cás, go ndéantar bogearraí a fhorbairt ag ceannoifig an fhoilsitheora, d'fhéadfadh sé gur ficsean a bheadh ann, rud a bheadh mar *forum actoris*, contrártha le hAirteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012.[59]

49. Thairis sin, ní rud nua a bheadh ann dá ndéanfaí coigeartú mar sin ar na critéir nasctha i bhfianaise chastacht fheidhmíocht iarbhír na seirbhísí. Go deimhin tá sé déanta cheana féin i réimse an aeriompair, ina bhfuil fabhar tugtha ag an gCúirt don áit ina mbaintear tairbhe as an tseirbhís, eadhon an áit óna n-imíonn an chéad eitilt agus ina dtagann an eitilt dheireanach isteach.[60]

55 Féach, le haghaidh deimhniú air sin, anailís arna déanamh in 2015 ag Reymond, M., op. cit., lch. 231.

56 Uaireanta úsáidtear an téarma 'nealríomhaireacht' sa ghnáthchaint. Leis an tseirbhís dá dtagraítear anseo, is féidir sonraí a stóráil ar fhreastalaithe idirnasctha atá i bhfad i gcéin óna chéile, ar le soláthraí seachtrach iad de ghnáth, chun rochtain a fháil orthu agus chun acmhainní ríomhaireachta freastalaí a úsáid. Féach, maidir leis na saintréithe sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in VCAST (C-265/16, EU:C:2017:649, míreanna 1 agus 2). Sonraíonn Le Tourneau, P., op. cit., míreanna 342.12 go 342.14 (lgh. 550 go 552), sa chomhthéacs seo, 'go bhfuil an ríomhaireacht díláraithe, agus [...] nach mbíonn suíomh na bhfeidhmchlár ar eolas ag an gcustaiméir', gur 'ríomhaireacht ar éileamh' atá ann, a bhfuil sé de bhuntáiste aige nach gá do chuideachtaí nó do dhaoine aonair infheistíocht a dhéanamh a thuilleadh i ríomhairí ardacmhainneachta le haghaidh stóráil sonraí. Bíonn praghas na seirbhíse ag athrú 'de réir thomhaltas iarbhír an chustaiméara agus an leictreachais araon'. In El Hage, Y., op. cit., mír 520 (lgh. 429 agus 430), cuirtear in iúl, cé gur féidir leis an gcustaiméir rochtain a fháil ar an áit stórála sin d'ábhar digiteach 'ó aon áit trí nasc simplí leis an idirlíon', nach bhfuil feidhmíocht na seirbhíse bunaithe san áit ina bhfuil na freastalaithe i gcéin ós rud é go gcaithfidh an custaiméir sin a chuid sonraí a aistriú chun rochtain a fháil air, rud a fhágann gur féidir an tír ina bhfuil 'éifeachtaí iarbhír an chonartha le brath go príomha' a chinneadh.

57 Maidir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche, atá mar údar le heaspa tráchtaireachta i dtéacsanna an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh maidir le líonraí lena n-áirítear an t-idirlíon, féach Azzi, T., 'Rapport général: droit international privé et immatériel', in *L'immatériel*, Journées internationales espagnoles de l'Association Henri Capitant des amis de la culture juridique française, 2014, dá dtagraítear in El Hage, Y., op. cit, lch. 112, chomh maith le hanailís El Hage, míreanna 135 go 142 (lgh. 113 go 119).

58 Féach, i ndáil leis sin, nóta ar shuíomh gréasáin https://www.culture.fr/franceterme ina sonraítear 'gur cineál bainistíochta ríomhaireachta ar leith é an nealríomhaireacht, nach gcuirtear suíomh ná feidhmiú an néil in iúl do chustaiméirí mar chuid de'. Féach JORF Uimh. 129, an 6 Meitheamh 2010 (lch. 42).

59 Féach, mar chomparáid, rogha critéar malartach, eadhon an áit ina bhfuil eagras ag an rialaitheoir (nó ag an bpróiseálaí) nó ina bhfuil gnáthchónaí ag an ábhar sonraí, arna dhéanamh ag reachtóir an Aontais maidir le cosaint sonraí i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 27 Aibreán 2016, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1), ag Airteagal 79(2). Féach freisin, sa chleachtas, an rogha i gclásail chomhaontaithe ar dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhíse, le cur i gcomparáid leis na coinníollacha ginearálta atá infheidhme maidir le conarthaí oibreacha TF agus conarthaí cothabhála bogearraí atá infheidhme san Eilvéis, sa réimse poiblí, arna lua ag Reymond, M., op. cit., lch. 238, fonóta 60. Féach, le haghaidh nuashonrú ar an tagairt sin, https://backend.bkb.admin.ch/fileservice/sdweb-docs-prod-bkbadminch-files/files/2024/08/13/9d43df1a-4ff8-45fe-b530-1ea8d9716399.pdf.

60 Féach breithiúnas an 9 Iúil 2009, *Rehder* (C-204/08, EU:C:2009:439, míreanna 42 agus 43), agus an 7 Márta 2018, *flightright agus páirtithe eile* (C-274/16, C-447/16 agus C-448/16, EU:C:2018:160, mír 73).

50. Is fíor dá ndéanfaí an critéar maidir le ceann scríbe deiridh na seirbhíse a choimeád, go bhféadfadh deacrachtaí comhchosúla a bheith mar thoradh air sin, i gcás ina n-úsáidtear rochtain ar sheirbhís a chuirtear chun seirbhíse do chustaiméir in áiteanna éagsúla. Sa chás seo, is cosúil gurb amhlaidh atá sa Ghearmáin tar éis léamh an chomhaid a cuireadh faoi bhráid na Cúirte. De réir a chásdlí shocair, ba leor an áit ina ndéantar an chuid is mó den ghníomhaíocht sa Bhallstát lena mbaineann a aimsiú.[61] Bheadh an rud céanna i gceist dá mba rud é go raibh an tseirbhís ar líne le húsáid i roinnt Ballstát.[62] Tá an áit sin intuartha, i mo thuairimse, do sholáthraí seirbhíse TF. Go ginearálta, bíonn na sonraíochtaí nach mór dó iad a chomhlíonadh agus bogearraí á bhforbairt aige faoi réir dhlí an Stáit ina n-úsáidfear é.[63] Sna himthosca sin, i gcás úsáid choibhéiseach in áiteanna éagsúla, feictear dom nach gá an riail maidir le dlínse a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b), de Rialachán Uimh. 1215/2012 a chur i bhfeidhm, ós rud é nach dtugtar údar dó faoi chuspóir na gaireachta.[64]

51. Ar an gceathrú dul síos, tá rialú le tabhairt fós ar ghné bhreise dheiridh den anailís a bhaineann leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh. In éagmais aon rogha dlí, amhail sa chás seo, foráiltear le hAirteagal 4(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 17 Meitheamh 2008, maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (an Róimh I),[65] mar a leanas: 'is é dlí na tíre ina bhfuil gnáthchónaí ar sholáthraí na seirbhísí a rialóidh conradh chun seirbhísí a sholáthar'.[66] Dá réir sin, tabharfaí tacaíocht do chritéar nasctha mar sin leis an gcúirt a bhfuil dlínse aici a roghnú.[67] Feictear dom nach bhfuil an argóint sin cinntitheach. Ar thaobh amháin, tá neamhréireacht reachtach idir cuspóir na gaireachta a eascraíonn as critéar dlínse speisialta a roghnú in ábhair chonarthacha[68] agus na critéir sin a bhaineann leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh a chinneadh. Ar an taobh eile, ós rud é go nglactar critéar dlínse i bhfianaise shuíomh fheidhmiú iarbhír an chonartha don fhaighteoir, feictear dom go bhfuil bunús láidir le hAirteagal 4(3) de Rialachán an Róimh I[69] a chur i bhfeidhm mar réiteach.[70]

52. Dá bhrí sin, leanann sé ón scrúdú ar na forais a bheadh mar údar le fabhar a thabhairt don chritéar dlínse a bhaineann leis an áit ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta a d'fhorbair bogearraí nach bhfuil siad de chineál a thabharfadh faoi cheist na forais a leag mé amach mar thaca leis an seasamh, i réimse an tsoláthair bogearraí, bíodh siad caighdeánach nó saincheaptha,

[61] Féach, de réir análaí, an breithiúnas in *Color Drack* (mír 40).

[62] Féach, go háirithe, an breithiúnas in *Wood Floor* (mír 36). Féach freisin, chuige sin, El Hage, Y., op. cit., mír 549 (lch. 447) agus mír 617 (lch. 502). Féach, ina theannta sin, don chás ina nglacfaí réiteach faoina ndéantar an Ballstát ina soláthraítear an tseirbhís is tábhachtaí san Aontas Eorpach a lorg, fiú má sholáthraítear an phríomhsheirbhís i dtríú Stát, Gaudemet-Tallon, H., agus Ancel, M.-E., *Compétence et exécution des jugements en Europe, Règlements 44/2001 et 1215/2012, Conventions de Bruxelles (1968) et de Lugano (1998 et 2007)*, 7ú heag., Librairie générale de droit et de jurisprudence, collection 'Droit des affaires', Paris, 2024, mír 221 (lch. 340).

[63] Féach, chuige sin, El Hage, Y., op. cit., mír 550 (lch. 447), ina leagtar amach sampla freisin, mar léiriú, eadhon cuideachta a sholáthraíonn bogearraí cuntasaíochta do ghnóthas eachtrach, atá le cur i gcomparáid leis an gcás sna príomhimeachtaí inar ghá reachtaíocht na Gearmáine a chomhlíonadh.

[64] Féach, maidir leis an gcuspóir seo, El Hage, Y., op. cit., mír 617 (lgh. 502 agus 503), agus, maidir leis an réiteach, Gaudemet-Tallon, H., agus Ancel, M.-E., op. cit., fonóta 257 (lch. 340) agus, i gcás gur deacair nó i gcás nach féidir an t-ionad feidhmíochta a chinneadh, mír 222 (lch. 341).

[65] IO 2008 L 177, lch. 6, 'Rialachán an Róimh I'.

[66] Féach, maidir le comhoiriúnacht na rialach seo leis an idirlíon, barúlacha Cachard, O., *La régulation internationale du marché électronique*, Bibliothèque de droit privé, tome 365, Librairie générale de droit et de jurisprudence, Paris, 2002, agus Usunier, L., 'La loi applicable aux contrats électroniques', in Rochfeld, J., *L'acquis communautaire – Le contrat électronique*, Economica, Paris, 2010, arna lua ag El Hage, Y., op. cit., mír 132 (lch. 111).

[67] Féach, chuige sin, Mankowski, P., 'Article 7', op. cit., mír 184, ina ndéantar tagairt d'Airteagal 4(2) de Rialachán an Róimh I.

[68] Féach fonóta 21 den Tuairim seo.

[69] I bhfoclaíocht na forála sin, '[i] gcás inar léir ó imthosca uile an cháis gur follas go bhfuil baint níos dlúithe ag an gconradh le tír seachas an tír a shonraítear i mír 1 nó 2, beidh feidhm ag dlí na tíre eile sin'.

[70] Féach El Hage, Y., op. cit., mír 616 (lch. 501). Maidir leis na forais le cur i bhfeidhm d'Airteagal 4(3) de Rialachán an Róimh I, ar a dtugtar an 'clásal eisceachta', féach míreanna 592 (lch. 480) agus 598 (lch. 486). Féach, thairis sin, léirithe i míreanna 594 go 596 (lgh. 484 go 486).

i gcás ina bhfuil soláthar seirbhíse, amhail rochtain ar líne, ina choinníoll lena n-úsáid, gurb iomchuí ar fad é go roghnófaí mar chritéar dlínse, bunaithe ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 1215/2012, critéar na háite, go sonrach, ina dtairbhíonn faighteoir na seirbhíse aisti go hiarbhír.

V. Conclúid

53. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, molaim don Chúirt freagra a thabhairt don cheist arna tarchur chun réamhrialú ag an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012, maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas:

tá ionad feidhmíochta soláthair bogearraí ar líne, in éagmais forálacha conarthacha faoina bhfhéadfaí é a aimsiú, ag an suíomh sin ar a úsáideann an custaiméir na bogearraí.